2025/1112

5.6.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/1112 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Meitheamh 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le Naraingeinin agus 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bútán-1-ón a chur le liosta an Aontais de bhlastáin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le blastáin agus maidir le comhábhair áirithe bia a bhfuil airíonna blaistithe acu agus atá le húsáid i mbianna agus ar bhianna agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 2232/96 agus Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 agus Treoir 2000/13/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008, leagtar síos liosta Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair a fhormheastar lena n-úsáid i mbianna agus ar bhianna, chomh maith le coinníollacha a n-úsáide.

(2) Féadfar an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil ó Bhallstát nó ó pháirtí leasmhar.

(3) An 27 Deireadh Fómhair 2021 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú Naraingeinine (FL Uimh. 16.132) mar shubstaint bhlaistithe lena húsáid i mbianna éagsúla a thagann faoi chatagóirí áirithe bia dá dtagraítear i liosta an Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair. Tugadh fógra don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir leis an iarratas agus iarradh tuairim uaidh ina leith. Chuir an Coimisiún an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit freisin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

(4) Sa tuairim uaidh a glacadh an 20 Márta 2024 ([3]), rinne an tÚdarás meastóireacht ar shábháilteacht na substainte Naraingeinin (FL Uimh. 16.132) nuair a úsáidtear í mar shubstaint bhlaistithe agus tháinig sé ar an gconclúid nach ábhar imní í an úsáid sin maidir le géineatocsaineacht ná maidir le hidirghníomhaíocht le táirgí míochaine. Ar bhonn na n-úsáidí agus na leibhéal úsáide atá beartaithe, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann mar gheall ar úsáid na substainte Naraingeinin (FL Uimh. 16.132).

(5) Ós rud é nach bhfuil úsáid na substainte Naraingeinin (FL Uimh. 16.132) mar shubstaint bhlaistithe ina hábhar imní sábháilteachta faoi na coinníollacha sonraithe úsáide agus ós rud é nach meastar go gcuirfear an tomhaltóir amú, is iomchuí an úsáid sin a údarú i bhfianaise na tuairime ón Údarás.

(6) An 30 Meitheamh 2016 cuireadh iarratas faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú na substainte 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bútán-1-ón (FL Uimh. 16.134), mar shubstaint bhlaistithe le húsáid i mbianna a thagann faoi chatagóir bia 05.3 'Guma coganta' dá dtagraítear i liosta an Aontais de bhlastáin agus de bhunábhair. Tugadh fógra don Údarás maidir leis an iarratas agus iarradh tuairim uaidh ina leith. Chuir an Coimisiún an t-iarratas ar fáil do na Ballstáit freisin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1334/oj.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1331/oj.
([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(5):8747.

(7) Sa tuairim uaidh a glacadh an 21 Márta 2024 ([4]), rinne an tÚdarás meastóireacht ar shábháilteacht na substainte 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bután-1-ón (FL Uimh. 16.134) nuair a úsáidtear í mar shubstaint bhlaistithe, agus tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann mar gheall ar an leibhéal nochta cothúcháin a mheastar a bheith ann, ar bhonn na n-úsáidí agus na leibhéal úsáide atá beartaithe. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach bhfuil aon ábhar imní sábháilteachta ann mar gheall ar an comhnochtadh do 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bután-1-ón (FL Uimh. 16.134) a eascraíonn as a úsáid mar shubstaint bhlaistithe bia agus as a láithreacht i dtaos fiacla agus i bhfolcadh béil.

(8) Ós rud é nach bhfuil úsáidí na substainte 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bután-1-ón (FL Uimh. 16.134) mar shubstaint bhlaistithe ina hábhar imní sábháilteachta faoi na coinníollacha sonraithe úsáide agus ós rud é nach meastar go gcuirfear an tomhaltóir amú, is iomchuí na húsáidí sin a údarú i bhfianaise na tuairime ón Údarás.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 a leasú dá réir sin chun Naraingeinin (FL Uimh. 16.132) agus 2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bután-1-ón (FL Uimh. 16.134) a chur le liosta an Aontais de bhlastáin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I, Cuid A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22(5):8750.

1. In Iarscríbhinn I, Cuid A, Roinn 2, Tábla 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le FL Uimh. 16.130:

‘16.132	Naraingeinin	480-41-1			I gcatagóir 1.4 – gan dul thar 500 mg/Kg I gcatagóir 1.7 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 1.8 (soighe-bhunaithe amháin) – gan dul thar 500 mg/Kg I gcatagóir 3 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 5.1 – gan dul thar 400 mg/Kg I gcatagóir 5.2 – gan dul thar 400 mg/Kg I gcatagóir 5.3 – gan dul thar 400 mg/Kg I gcatagóir 6.3 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 8.2 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 8.3 – gan dul thar 200 mg/kg’ I gcatagóir 11.4 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 12.2 – gan dul thar 1 000 mg/Kg I gcatagóir 12.5 – gan dul thar 200 mg/Kg I gcatagóir 12.9 – gan dul thar 500 mg/Kg I gcatagóir 14.1 – gan dul thar 300 mg/Kg I gcatagóir 14.1.4 (déirí-bhunaithe agus soighe-bhunaithe amháin) — gan dul thar 500 mg/Kg		EFSA’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1112/oj

IO L, 5.6.2025

GA

					I gcatagóir 15.1 – gan dul thar 400 mg/Kg I gcatagóir 16 (déirí-bhunaithe agus soighe-bhunaithe amháin) — gan dul thar 500 mg/Kg		

2. In Iarscríbhinn I, Cuid A, Roinn 2, Tábla 1 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1334/2008, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas i ndiaidh na hiontrála maidir le FL Uimh. 16.133:

‘16.134	2-meitil-1-(2-(5-(p-toilil)-1H-imíodasól-2-il)pipiridín-1-il)bútán-1-ón	2413115-68-9			I gcatagóir 5.3 – gan dul thar 100 mg/kg		EFSA’